


# SEEKING TRANSPORT TRAILBLAZERS!



**Aged between 18 - 25 and living in the Republic of Ireland?**
**A creative thinker, solutions-oriented and a team-player?**
**Interested in sustainability, active participation and citizenship?**
**Passionate about driving change in Ireland's transportation system?**
**Ready and willing to share insights and ideas on how to reimagine the transport system for a more sustainable future?**

***Then the CIÉ Youth Advisory Board might be for you!***

CIÉ wants to hear ideas and insights from a youth board of ***TRANSPORT TRAILBLAZERS*** - 15 enthusiastic, motivated, open-minded and forward-thinking young people - to input into CIE's long and short-term planning of Ireland's largest public transport operator, in an advisory capacity.

It's an opportunity to meet with other young people from diverse backgrounds, locations, and communities; develop leadership and communication skills; cultivate sustainability knowledge, and enjoy feeling empowered, knowing your contributions are valued in the decision-making process. Plus, with all public travel costs covered by CIÉ for the two year period of Youth Board membership, Youth Board members have the opportunity to share their perspective on multiple aspects of public transport across the country.

# What will the CIÉ Youth Board do?

The CIÉ Youth Board provides a platform for young people in Ireland to directly influence the future of public transportation. Youth Board members get to advise on a range of topics, suggesting and contributing new ideas and perspectives on how to improve public transport experiences.  This is achieved through ambitious, forward-thinking board members taking the roles of:

Sustainability Champions:
The youth board addresses the critical issue of shifting people from private cars to public transport. This supports CIÉ’s goal of reducing overall national transport carbon emissions and increasing its positive environmental impact.

Future Thinkers:
The youth board plays a key role in informing CIÉ's current and future activities. They help to elevate decision-making by providing insights and perspectives from young transport users. This ensures CIÉ's strategies cater to both the immediate and future needs of public transport users.

Innovation Instigators:
The youth board isn't just about solving current problems; they're also involved in spearheading a pilot project that reimagines the future of public transport in Ireland.

# When selecting the CIÉ Youth Board we will give consideration to the following:

A diverse Youth Board is sought with consideration given to representation across the specified criteria of:

- Age range (18 - 25)
- Gender balance
- Ethnicity
- Geographic representation across the Republic of Ireland (urban/rural balance)
- Lived experience

Recruitment will be based on passion and enthusiasm for driving change within the public transport system, with varying lived experiences desired. It is not a requirement that candidates have sustainability expertise or formal third-level education.

## How to apply to the CIÉ Youth Board:

Applications for the CIÉ Youth Board take place through this online form.

Please complete this form as an expression of interest by the closing date of May 31st.

Interviews (for shortlisted candidates) will commence early June with new board members announced at the end of June.


# Value Exchange:

**Commitment By Young Person**

**Meetings:** It is expected that Youth Board members attend quarterly board meetings (3-4 hours) in person. This will amount to a minimum of 8 meetings over a two-year tenure. Meetings may include group work, break-out discussions, workshops and a training module. Additional online meetings or actions may also be required in preparation for in-person sessions, (estimated total time commitment 4-6 hours a month). There is also the opportunity for Youth Board members to share a youth perspective at internal company meetings, or participate in panel discussions for companies within the CIÉ Group (e.g. Iarnród Éireann – Irish Rail,  Bus Átha Cliath - Dublin Bus, Bus Éireann and CIÉ Tours).

**Training:** Youth Board members will also have the opportunity for learning and upskilling facilitated by CIÉ and its training partners. This training will encompass business and leadership skill development, media training, and sustainability knowledge building, in addition to peer-to-peer learning. Youth Board members may also be invited to mentor senior executives/ senior board members.

**Publicity:** It is not intended that Youth Board members would routinely undertake media engagement or act as spokespersons for CIÉ. However, opportunities may arise for members of the Youth Board to participate in media engagements, particularly in respect to the pilot project championed by the Youth Board. In such instances, and in all youth board engagements, members will be required to abide by a code of conduct with regard to confidentiality and social media engagement.



**Annual Presentation:** Youth Board members will be required to share their ideas via an annual presentation that gives an overview of activities and quarterly presentations that provide real-time insights and feedback to support the CIÉ Board in its decision-making.

**Value Exchange:** During their two-year tenure, (June 2024 - June 2026) the 15 successful candidates will have the use of all CIÉ buses and trains (including services from DART, Dublin Bus, Bus Éireann and Iarnród Éireann) for free and will therefore be well-positioned to share real-time feedback on their travel experiences. Food & refreshments for meetings and workshops will also be provided. The first initial meeting will be held in CIÉ, Heuston Station, Dublin 8, D08 E2CV. It is envisaged future meetings will be held there, but the group may decide on alternative locations moving forward.

*The CIÉ Youth Board is managed by CIÉ in partnership with THINKHOUSE youth marketing agency. Any specific inquiries can be sent to CIEyouthboard@thinkhousehq.com.*

# About CIÉ:

Córas Iompair Éireann (CIÉ) is Ireland's largest public transport provider, with a vision to help transform public transportation into a powerful force for positive environmental, social and economic change. Working closely with the National Transport Authority, it provides cost effective, high quality public transport solutions across Ireland and consists of the following companies:

The CIÉ Holding Company provide shared services to the wider Group, this includes, amongst others, sustainability services, property services, pension services, IT services, legal services and claims services.

Iarnród Éireann - Irish Rail provide passenger and freight rail services within the Irish state as well as operating Rosslare Europort.


Bus Átha Cliath - Dublin Bus operate the majority of bus services in the greater Dublin area and sightseeing tours (Do Dublin).

Bus Éireann provide city, town and provincial bus services outside of Dublin. It also provides schools services and operates ‘Expressway’ Intercity bus services.

CIÉ Tours operate guided tour vacations. It represents the largest International single generator of inward tourism from the USA to Ireland and also offers vacations to Scotland, England, Wales, Iceland and Italy to suit every travel style and taste.



# AR LORG CEANNRÓDAITHE IOMPAIR!




**An bhfuil tú idir 18 agus 25 bliana d'aois agus i do chónaí i bPoblacht na hÉireann? An smaointeoir cruthaitheach agus imreoir foirne thú, atá dírithe ar réitigh? An bhfuil spéis agat in inbhuanaitheacht, i rannpháirtíocht ghníomhach agus i saoránacht?**

**An bhfuil tú diongbháilte maidir le hathruithe a chur chun cinn i gcóras iompair na hÉireann? An bhfuil tú sásta agus ullamh chun léargais a chomhroinnt maidir le conas an córas iompair a shamhlú an athuair le haghaidh todhchaí níos inbhuanaithe?**

## ***Ansin d'fhéadfadh Bord Comhairleach Óige CIÉ a bheith oiriúnach duit!***

Ba mhian le CIÉ smaointe agus léargais a chluinstin ó bhord óige de ***CHEANNRÓDAITHE IOMPAIR*** - 15 dhuine óg atá díograiseach, spreagtha, leathanaigeanta agus fadbhreathnaitheach - chun cur le pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach oibritheoir iompair phoiblí is mó na hÉireann mar chomhairleoirí.

Is deis í chun bualadh le daoine óga eile ó chúlraí, ó láithreacha, agus ó phobail éagsúla; chun scileanna ceannasaíochta agus cumarsáide a fhorbairt; chun eolas ar inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus taitneamh a bhaint as mothú cumasach, agus an t-eolas agat go bhfuil meas ar an méid a chuireann tú leis an bpróiseas cinnteoireachta. Chomh maith leis sin, agus costais taistil phoiblí uile cumhdaithe ag CIÉ don tréimhse dhá bhliain mar bhall an Bhoird Óige, beidh an deis ag baill an Bhoird Óige a ndearcadh a chomhroinnt maidir le gnéithe iomadúla iompair phoiblí ar fud na tíre.



# Cad a dhéanfaidh Bord Óige CIÉ?

Trí Bhord Óige CIÉ cuirtear ardán ar fáil do dhaoine óga in Éirinn chun tionchar díreach a imirt ar thodhchaí an iompair phoiblí. Beidh seans ag baill an Bhoird Óige comhairle a thabhairt maidir le raon ábhar, agus smaointe agus dearcthaí nua a mholadh agus a chur ar fáil maidir le conas eispéiris iompair phoiblí a fheabhsú.  Baintear é sin amach trí bhaill uaillmhianacha, fadbhreathnaitheacha an bhoird ag glacadh na ról orthu féin de:

### Chrainn Taca Inbhuanaitheachta:

Tugann an bord óige faoin bhfadhb ríthábhachtach de dhaoine a aistriú ó charranna príobháideacha go hiompar poiblí. Tacaíonn sé sin le sprioc CIÉ d'astaíochtaí carbóin foriomlána náisiúnta ó iompar a laghdú agus dá thionchar dearfach ar an timpeallacht a mhéadú.

### Smaointeoirí na Todhchaí:

Tá príomhról ag an mbord óige maidir le heolas a dhéanamh do ghníomhaíochtaí reatha agus amach anseo CIÉ. Cuidíonn na baill le cinnteoireacht a fheabhsú trí léargais agus trí dhearcthaí a chur ar fáil ó úsáideoirí óga iompair. Leis sin, cinntítear go bhfreastalaíonn straitéisí CIÉ ar riachtanais láithreacha agus amach anseo araon na n-úsáideoirí iompair phoiblí.

### Tionscnóirí Nuála:


Ní bhaineann an bord óige le fadhbanna reatha a réiteach amháin; tá sé ar thús cadhnaíochta i dtreoirthionscadal freisin trína ndéantar todhchaí an iompair phoiblí in Éirinn a shamhlú an athuair.

# Agus Bord Óige CIÉ á roghnú againn cuirfimid an méid a leanas san áireamh:

Táthar ar lorg Bord Óige éagsúil agus cuirfear ionadaíocht san áireamh thar na critéir shonraithe a leanas:

- Aoisraon (18 - 25)
- Cothromaíocht inscne
- Eitneacht
- Ionadaíocht gheografach ar fud Phoblacht na hÉireann (cothromaíocht uirbeach/tuaithe)
- Taithí saoil

Beidh earcaíocht bunaithe ar dhíograis agus ar dhíocas le haghaidh athruithe a spreagadh laistigh den chóras iompair phoiblí, agus tá taithí saoil dhifriúil inmhianaithe. Níl sé ina riachtanas go mbeidh saineolas ar inbhuanaitheacht ná oideachas foirmiúil tríú leibhéal ag iarrthóirí.



## Conas iarratas a chur isteach ar Bhord Óige CIÉ:

Déantar iarratais ar Bhord Óige CIÉ tríd an bhfoirm ar líne seo.

Comhlánaigh an fhoirm seo mar léiriú spéise faoin spriocdháta den 31ú Bealtaine.

Cuirfear tús le hagallaimh (d'iarrthóirí ar an ngearrliosta) go luath i mí an Mheithimh agus fógrófar baill nua an bhoird ag deireadh mhí an Mheithimh.

# Malartú Luacha:

**Tiomantas an Duine Óig**

**Cruinnithe:** Táthar ag súil go bhfreastalóidh baill an Bhoird Óige ar chruinnithe ráithiúla an bhoird (3-4 huaire) go pearsanta. Is é a bheidh san iomlán leis sin ná 8 gcruinniú ar a laghad thar thréimhse oifige dhá bhliain. D'fhéadfadh obair ghrúpa, díospóireachtaí ar leithligh, ceardlanna agus modúl oiliúna a bheith san áireamh le cruinnithe. D'fhéadfadh cruinnithe nó gníomhaíochtaí breise ar líne a bheith riachtanach freisin chun ullmhú do sheisiúin le láithreacht phearsanta, (tiomantas ama iomlán measta ar 4-6 huaire sa mhí). Beidh an deis ann freisin do bhaill an Bhoird Óige chun dearcadh na hóige a chomhroinnt ag cruinnithe inmheánacha na cuideachta, nó chun páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí painéil do chuideachtaí laistigh de Ghrúpa CIÉ (e.g. Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Turais CIÉ).

**Oiliúint:** Beidh deis foghlama agus uas-oiliúna ag baill an Bhoird Óige freisin arna héascú ag CIÉ agus ag a chomhpháirtithe oiliúna. I measc na hoiliúna sin cuimseofar forbairt scileanna gnó agus ceannasaíochta, oiliúint ar na meáin, agus forbairt eolais ar inbhuanaitheacht, sa bhreis ar fhoghlaim idir piaraí. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do bhaill an Bhoird Óige chun meantóireacht a dhéanamh ar fheidhmeannaigh shinsearacha/ ar bhaill shinsearacha an bhoird.

**Poiblíocht:** Níl sé beartaithe go nglacfadh baill an Bhoird Óige páirt i dteagmháil leis na meáin ar bhonn rialta nó go ngníomhóidís mar urlabhraithe CIÉ. Ach d'fhéadfadh deiseanna teacht chun cinn, áfach, nuair a bheadh baill an Bhoird Óige in ann páirt a ghlacadh i dteagmhálacha leis na meáin, go háirithe maidir leis an treoirthionscadal arna thacú ag an mBord Óige. I gcásanna dá leithéid, agus i ngach caidreamh gníomhach ag baill an bhoird óige, beidh sé riachtanach go gcloífidh baill le cód iompraíochta maidir le rúndacht agus teagmháil ar na meáin shóisialta.

**Láithreoireacht Bhliantúil:** Beidh sé riachtanach do bhaill an Bhoird Óige a gcuid smaointe a chomhroinnt trí láithreoireacht bhliantúil ina dtugtar léargas ginearálta ar ghníomhaíochtaí agus ar láithreoireachtaí ráithiúla lena soláthraítear léargais agus aiseolas fíor-ama chun tacú le Bord CIÉ ina chinnteoireacht.

**Malartú Luacha:** Le linn a dtréimhse oifige dhá bhliain (Meitheamh 2024 - Meitheamh 2026), beidh na 15 iarrthóirí rathúla in ann busanna agus traenacha CIÉ uile a úsáid (lena n-áirítear seirbhísí DART, Naisc Áitiúla, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann) saor in aisce agus dá bhrí sin beidh siad in áit mhaith chun aiseolas fíor-ama a chomhroinnt ar a gcuid eispéireas taistil. Cuirfear bia agus sólaistí ar fáil freisin do chruinnithe agus do cheardlanna. Tionólfar an chéad chruinniú tosaigh i CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, D08 E2CV. Tá sé beartaithe go dtionólfar cruinnithe amach anseo ansin, ach d'fhéadfadh an grúpa láithreacha eile a shocrú sa todhchaí.

*Bainistíonn CIÉ Bord Óige CIÉ i gcomhpháirtíocht le gníomhaireacht margaíochta óige THINKHOUSE. Is féidir ceisteanna sainiúla ar bith a sheoladh chuig CIEyouthboard@thinkhousehq.com.*

# Maidir le CIÉ:

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ) soláthraí iompair phoiblí is mó na hÉireann, agus tá an fhís aige chun cuidiú le hiompar poiblí a athrú ó bhonn ina thionchar cumhachtach ar son athrú dearfach timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíoch. Agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, cuireann sé réitigh iompair phoiblí ar fáil ar fud na hÉireann atá éifeachtach ó thaobh costas de agus ar ardchaighdeán agus tá sé comhdhéanta de na cuideachtaí a leanas:

Córas Iompair Éireann

Cuireann Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ seirbhísí comhroinnte ar fáil don Ghrúpa níos leithne lena n-áirítear, i measc seirbhísí eile, seirbhísí inbhuanaitheachta, seirbhísí réadmhaoine, seirbhísí pinsin, seirbhísí TF, seirbhísí dlíthiúla agus seirbhísí um éilimh.

Iarnród Éireann Irish Rail

Cuireann Iarnród Éireann seirbhísí iarnróid paisinéirí agus lastais ar fáil laistigh de stát na hÉireann agus chomh maith leis sin oibríonn sé Eoraphort Ros Láir.

Bus Átha Cliath Dublin Bus

Oibríonn Bus Átha Cliath mórchuid na seirbhísí bus i mórcheantar Bhaile Átha Cliath mar aon le turais thart ar radhairc (DoDublin).

Bus Éireann

Cuireann Bus Éireann seirbhísí bus ar fáil sna cathracha, sna bailte agus sna cúigí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Cuireann sé seirbhísí scoile ar fáil freisin agus oibríonn sé seirbhísí bus idir cathracha 'Expressway'.

C·I·E TOURS

Oibríonn Turais CIÉ saoirí turais threoraithe. Léiríonn sé an gineadóir singil idirnáisiúnta is mó de thurasóireacht isteach ó SAM chun na hÉireann agus cuireann sé saoirí ar fáil freisin chuig Albain, chuig Sasana, chuig an mBreatain Bheag, chuig an Íoslainn agus chuig an Iodáil atá oiriúnach do gach stíl agus spéis taistil.